AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.10.2026
COM(2026) 581 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an úsáid a bhain na hinstitiúidí in 2023 agus 2024 as Rialacháin Uimh. 495/77 ón gComhairle, arna leasú go deireanach le Rialachán Uimh. 1945/2006 ón gComhairle (maidir le dualgas fuireachais), Rialachán Uimh. 858/2004 (maidir le dálaí oibre an dian) agus Rialachán Uimh. 300/76, arna leasú go deireanach le Rialachán Uimh. 1873/2006 ón gComhairle (maidir le sealobair)**

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**maidir leis an úsáid a bhain na hinstitiúidí in 2023 agus 2024 as Rialacháin Uimh. 495/77 ón gComhairle, arna leasú go deireanach le Rialachán Uimh. 1945/2006 ón gComhairle (maidir le dualgas fuireachais), Rialachán Uimh. 858/2004 (maidir le dálaí oibre an-dian) agus Rialachán Uimh. 300/76, arna leasú go deireanach le Rialachán Uimh. 1873/2006 ón gComhairle (maidir le sealobair)**

## 1. RÉAMHRÁ

Leis na Rialacháin ón gComhairle maidir le dualgas fuireachais (Uimh. 495/77) agus maidir le dálaí oibre an-dian (Uimh. 858/2004), ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir leis an líon oifigeach agus seirbhíseach eile, de réir catagóire, a fhaigheann liúntais de réir na Rialacháin lena mbaineann, agus maidir leis an gcaiteachas iomlán gaolmhar.

Is leis na blianta 2023 agus 2024 a bhaineann an tuarascáil seo agus is ar na figiúirí bliantúla deireanacha iomlána a bhí ar fáil le linn a dréachtaithe atá sí bunaithe. Tá gach institiúid san áireamh ann[1]. Ar mhaithe le hiomláine, déantar foráil ann d'fhaisnéis chomhchosúil inti faoi úsáid na sealoibre (Rialachán Uimh. 300/76 ón gComhairle).

## 2. LIÚNTAS LE HAGHAIDH DUALGAS FUIREACHAIS

Is é an bunús dlí atá leis an liúntas seo Airteagail 55 agus 56b den Rialachán Foirne agus Rialachán Uimh. 495/77 ón gComhairle an 8 Márta 1977, arna leasú.

Ní íoctar an liúntas ach leis na hoifigigh agus na seirbhísigh eile seo:

- a fhaigheann luach saothair as leithreasuithe taighde agus a mbaineann a bpoist leo seo a leanas:
  - bunaíocht de chuid an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC); nó
  - gníomhaíocht indíreach; nó
- a fhaigheann luach saothair as leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí agus a mbaineann a bpoist leo seo a leanas:
  - suiteálacha teicniúla a reáchtáil agus maoirseacht a dhéanamh orthu;
  - roinn sábháilteachta agus slándála;
  - roinn seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC);
  - seirbhís tacaíochta de chuid an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES)/an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) nó socruithe comhordúcháin éigeandála agus géarchéime; nó
  - sásra a bunaíodh chun cúnamh a sholáthar do Bhallstáit 24 uair an chloig sa lá, 7 lá na seachtaine (MS 24/7), le haghaidh socruithe comhordúcháin éigeandála agus géarchéime nó seirbhísí ar cruthaíodh ina leith gur gá cúraimí a

[1] De réir bhrí na Rialachán Foirne.

cdhéanamh iontu chun sásra a ráthú ar mhaithe le tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit.

Is i bpointí a dhéantar an liúntas le haghaidh dualgas fuireachais a shloinneadh. Déantar an líon pointí a dhámhtar in aghaidh uair an chloig dualgais fuireachais iarbhír a chomhlíontar a leagan síos mar seo a leanas:

– dualgas fuireachais sa bhaile ar lá oibre: 2,15 pointe;
– dualgas fuireachais sa bhaile ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire poiblí: 4,3 pointe;
– dualgas fuireachais san áit oibre ar lá oibre: 11 pointe;
– dualgas fuireachais san áit oibre ag an deireadh seachtaine agus ar leanta saoire poiblí: 22 phointe.

Is fiú 0,032 % den bhuntuarastal oifigigh ar ghrád 1, céim 1, gach pointe (is é sin EUR 1,08 in 2023 agus EUR 1,15 in 2024).

**Maidir le 2023**

Léirítear sna táblaí seo a leanas líon thairbhithe an liúntais le haghaidh dualgas fuireachais i ngach institiúid in 2023.

### 2.1. An líon tairbhithe (oifigigh/baill foirne shealadacha agus ar conradh) in 2023

| Institiúid | AD | AST | AC | | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Grúpa Feidhme I | Grúpa Feidhme II | FG III | FG IV | |
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chomhairle | 34 | 114 | 3 | 0 | 2 | 0 | **153** |
| An Coimisiún | 141 | 275 | 39 | 27 | 35 | 10 | **527** |
| *- ina measc JRC:* | *48* | *78* | *18* | *3* | *4* | *5* | ***156*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 13 | 13 | 2 | 0 | 0 | 0 | **28** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 5 | 16 | 0 | 0 | 0 | **21** |
| CESE | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| CnaR | 0 | 3 | 0 | 0 | 1 | 0 | **4** |
| SEGS | 14 | 15 | 0 | 0 | 0 | 0 | **29** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **202** | **428** | **60** | **27** | **38** | **10** | **765** |

## 2.2. An líon tairbhithe de réir chineál an dualgais fuireachais in 2023

| Institiúid | Sa bhaile | Sa bhaile agus san áit oibre | San áit oibre | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chomhairle | 153 | 0 | 0 | **153** |
| An Coimisiún | 499 | 18 | 10 | **527** |
| *- ina measc JRC:* | *143* | *5* | *8* | ***156*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 28 | 0 | 0 | **28** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 21 | 0 | 0 | **21** |
| CESE | 0 | 3 | 0 | **3** |
| CnaR | 0 | 4 | 0 | **4** |
| SEGS | 29 | 0 | 0 | **29** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **730** | **25** | **10** | **765** |

## 2.3. An líon tairbhithe de réir chineál na fostaíochta in 2023

| Institiúid | JRC | Gníomhaíocht indíreach | Suiteálacha teicniúla | Sábháilteacht/ Slándáil | TFC | CBES/ CBSC | MS 24/7 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chomhairle | 0 | 0 | 18 | 33 | 65 | 37 | 0 | **153** |
| An Coimisiún | 156 | 2 | 58 | 136 | 118 | 0 | 57 | **527** |
| *- ina measc JRC:* | *156* | *0* | *0* | *0* | *0* | *0* | *0* | ***156*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 0 | 0 | 17 | 11 | 0 | 0 | 0 | **28** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 0 | 0 | 21 | 0 | 0 | 0 | **21** |
| CESE | 0 | 0 | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| CnaR | 0 | 0 | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 | **4** |
| SEGS | 0 | 0 | 0 | 4 | 15 | 10 | 0 | **29** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **156** | **2** | **93** | **212** | **198** | **47** | **57** | **765** |

**Maidir le 2024**

Léirítear sna táblaí seo a leanas líon thairbhithe an liúntais le haghaidh dualgas fuireachais i ngach institiúid in 2024.

### 2.4. An líon tairbhithe (oifigigh/baill foirne shealadacha agus ar conradh) in 2024

| Institiúid | AD | AST | AC | | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Grúpa Feidhme I | Grúpa Feidhme II | FG III | FG IV | |
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chomhairle | 35 | 127 | 3 | 0 | 2 | 0 | **167** |
| An Coimisiún | 153 | 291 | 38 | 28 | 37 | 15 | **562** |
| *- ina measc JRC:* | *49* | *82* | *17* | *3* | *3* | *5* | ***159*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 14 | 13 | 2 | 0 | 0 | 0 | **29** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 4 | 17 | 0 | 0 | 0 | **21** |
| CESE | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| CnaR | 0 | 3 | 0 | 0 | 1 | 0 | **4** |
| SEGS | 25 | 15 | 0 | 0 | 0 | 0 | **40** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **227** | **456** | **60** | **28** | **40** | **15** | **826** |

### 2.5. An líon tairbhithe de réir chineál an dualgais fuireachais in 2024

| Institiúid | Sa bhaile | Sa bhaile agus san áit oibre | San áit oibre | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chomhairle | 167 | 0 | 0 | **167** |
| An Coimisiún | 533 | 20 | 9 | **562** |
| *- ina measc JRC:* | *146* | *6* | *7* | ***159*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 29 | 0 | 0 | **29** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 21 | 0 | 0 | **21** |
| CESE | 0 | 3 | 0 | **3** |
| CnaR | 0 | 4 | 0 | **4** |
| SEGS | 40 | 0 | 0 | **40** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | **0** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| MECS | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **790** | **27** | **9** | **826** |

### 2.6. An líon tairbhithe de réir chineál na fostaíochta in 2024

| **Institiúid** | **JRC** | **Gníomhaí ocht indíreach** | **Suiteálacha teicniúla** | **Sábháilt eacht/ Slándáil** | **TFC** | **CBES/ CBSC** | **MS 24/7** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chomhairle | 0 | 0 | 18 | 33 | 77 | 39 | 0 | **167** |
| An Coimisiún | 159 | 3 | 55 | 150 | 135 | 0 | 60 | **562** |
| *- ina measc JRC:* | *159* | *0* | *0* | *0* | *0* | *0* | *0* | ***159*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 0 | 0 | 19 | 10 | 0 | 0 | 0 | **29** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 0 | 0 | 21 | 0 | 0 | 0 | **21** |
| CESE | 0 | 0 | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| CnaR | 0 | 0 | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 | **4** |
| SEGS | 0 | 0 | 0 | 4 | 14 | 22 | 0 | **40** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **159** | **3** | **92** | **225** | **226** | **61** | **60** | **826** |

## 3. LIÚNTAS LE HAGHAIDH DÁLAÍ OIBRE AN-DIAN

Is é an bunús dlí atá leis an liúntas seo Airteagal 56c den Rialachán Foirne agus Rialachán Uimh. 858/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004. Deonaítear an liúntas mar chúiteamh ar dhálaí oibre an-dian a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(i) ‘sábháilteacht an duine’ (i.e. éadaí speisialta míchompordacha nó cosaint pháirteach a chaitheamh);

(ii) an ‘áit oibre’ (i.e. áiteanna cúnga, torannacha nó contúirteacha); agus

(iii) an ‘cineál oibre’ (e.g. substaintí áirithe a láimhseáil nó a bheith ag obair le pléascáin).[2].

[2] Airteagal 3 de Rialachán Uimh. 858/2004 ón gComhairle.

Is in aghaidh uair an chloig oibre iarbhír a deonaíodh an liúntas agus is i bpointí a dhéantar é a shloinneadh. Deonaítear líonta éagsúla pointí, ó 2 phointe, e.g. as meánleibhéil fuaime ar mó ná 85 dheicibeil é, go 50 pointe ar a mhéid as culaith thine neamhspleách a bheith á caitheamh ag oifigeach. Is fiú 0,032 % den bhuntuarastal oifigigh ar ghrád 1, céim 1, gach pointe (is é sin EUR 1,08 in 2023 agus EUR 1,15 in 2024).

**Maidir le 2023**

Léirítear sa tábla seo a leanas líon thairbhithe liúntas le haghaidh dálaí oibre an-dian i ngach institiúid in 2023.

### 3.1. An líon tairbhithe (oifigigh/baill foirne shealadacha agus ar conradh) in 2023

| Institiúid | AD | AST | AC | | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Grúpa Feidhme I | Grúpa Feidhme II | FG III | FG IV | |
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chomhairle | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Coimisiún | 24 | 102 | 26 | 2 | 7 | 15 | **176** |
| *- ina measc JRC:* | *23* | *101* | *11* | *1* | *7* | *15* | ***158*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| CESE | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| CnaR | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| SEGS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **24** | **102** | **26** | **2** | **7** | **15** | **176** |

**Maidir le 2024**

Léirítear sa tábla seo a leanas líon thairbhithe liúntas le haghaidh dálaí oibre an-dian i ngach institiúid in 2024.

### 3.2. An líon tairbhithe (oifigigh/baill foirne shealadacha agus ar conradh) in 2024

| Institiúid | AD | AST | AC | | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Grúpa Feidhme I | Grúpa Feidhme II | FG III | FG IV | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chomhairle | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Coimisiún | 24 | 102 | 27 | 2 | 8 | 13 | **176** |
| *- ina measc JRC:* | *24* | *100* | *11* | *1* | *7* | *13* | ***156*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| CESE | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| CnaR | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| SEGS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **24** | **102** | **27** | **2** | **8** | **13** | **176** |

## 4. LIÚNTAS LE HAGHAIDH SEALOIBRE

Is é an bunús dlí atá leis an liúntas sin Airteagal 56a den Rialachán Foirne agus Rialachán Uimh. 300/76 ón gComhairle an 9 Feabhra 1976 arna leasú.

Ní íoctar an liúntas ach leis na hoifigigh agus na seirbhísigh eile seo:

- a fhaigheann luach saothair as leithreasuithe taighde agus a mbaineann a bpoist leo seo a leanas:
  - bunaíocht de chuid JRC; nó
  - gníomhaíocht indíreach; nó
- a fhaigheann luach saothair as leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí agus a mbaineann a bpoist leo seo a leanas:
  - roinn seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC);
  - roinn sábháilteachta agus slándála;
  - seirbhís lasc-chláir/faisnéise nó ag deasc fáiltithe;
  - seirbhís tacaíochta de chuid an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES)/an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) nó socruithe comhordúcháin éigeandála agus géarchéime;
  - seirbhís a chuireann tacaíocht ar fáil faoi chuimsiú comhordúcháin éigeandála agus géarchéime; nó
  - suiteálacha teicniúla a reáchtáil agus maoirseacht a dhéanamh orthu.

**Maidir le 2023**

Léirítear sna táblaí seo a leanas líon thairbhithe an liúntais sealoibre i ngach institiúid in 2023.

### 4.1. An líon tairbhithe (oifigigh/baill foirne shealadacha agus ar conradh) in 2023

| Institiúid | AD | AST | AC | | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Grúpa Feidhme I | Grúpa Feidhme II | FG III | FG IV | |
| An Pharlaimint | 2 | 89 | 597 | 12 | 23 | 0 | **723** |
| An Chomhairle | 0 | 73 | 0 | 0 | 0 | 0 | **73** |
| An Coimisiún | 1 | 113 | 12 | 15 | 30 | 0 | **171** |
| *- ina measc JRC:* | *0* | *15* | *9* | *0* | *1* | *0* | ***25*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 1 | 18 | 0 | 0 | 0 | **19** |
| CESE | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| CnaR | 0 | 3 | 0 | 0 | 1 | 0 | **4** |
| SEGS | 0 | 35 | 0 | 0 | 0 | 0 | **35** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **3** | **317** | **627** | **27** | **54** | **0** | **1 028** |

Déantar foráil maidir le ceithre ráta dhifriúla den liúntas míosúil le haghaidh obair atá déanta in (figiúirí ó 2023):

– ráta 1: seirbhís a oibríonn ar bhonn dhá sheal, gan an deireadh seachtaine agus laethanta saoire poiblí a chur san áireamh: EUR 483,92;
– ráta 2: seirbhís a oibríonn ar bhonn dhá sheal, lena n-áirítear seal oíche amháin, agus ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire poiblí: EUR 730,40;
– ráta 3: seirbhís a oibríonn 24 uair an chloig in aghaidh an lae, seachas ag an deireadh seachtaine agus ar lá saoire: EUR 798,61;
– ráta 4: seirbhís a oibríonn 24 uair an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine: EUR 1 088,75.

### 4.2. An líon tairbhithe de réir ráta in 2023

| Institiúid | Ráta 1 | Ráta 2 | Ráta 3 | Ráta 4 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | EUR 483,92 | EUR 730,40 | EUR 798,61 | EUR 1 088,75 | |
| An Pharlaimint | 65 | 394 | 0 | 264 | **723** |
| An Chomhairle | 31 | 0 | 0 | 42 | **73** |
| An Coimisiún | 20 | 0 | 8 | 143 | **171** |
| *- ina measc JRC:* | *0* | *0* | *8* | *17* | ***25*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 0 | 0 | 19 | **19** |
| CESE | 3 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| CnaR | 4 | 0 | 0 | 0 | **4** |
| SEGS | 25 | 0 | 0 | 10 | **35** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **148** | **394** | **8** | **478** | **1 028** |

### 4.3. An líon tairbhithe de réir chineál na fostaíochta in 2023

| Institiúid | JRC | Géarchéim/éigeandáil Comhordú | TFC | Sábháilteacht/ Slándáil | Lasc-chlár/Deasc fáilithe | CBES/ CBSC | Suiteálacha teicniúla | Gníomhaíocht indíreach | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 0 | 653 | 30 | 0 | 40 | 0 | **723** |
| An Chomhairle | 0 | 0 | 0 | 73 | 0 | 0 | 0 | 0 | **73** |
| An Coimisiún | 25 | 26 | 15 | 105 | 0 | 0 | 0 | 0 | **171** |
| *- ina measc JRC:* | *25* | *0* | *0* | *0* | *0* | *0* | *0* | *0* | ***25*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 0 | 0 | 19 | 0 | 0 | 0 | 0 | **19** |
| CESE | 0 | 0 | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| CnaR | 0 | 0 | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | **4** |
| SEGS | 0 | 0 | 14 | 11 | 0 | 10 | 0 | 0 | **35** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **25** | **26** | **29** | **868** | **30** | **10** | **40** | **0** | **1 028** |

**Maidir le 2024**

Léirítear sna táblaí seo a leanas líon thairbhithe an liúntais sealoibre i ngach institiúid in 2024.

### 4.4. An líon tairbhithe (oifigigh/baill foirne shealadacha agus ar conradh) in 2024

| Institiúid | AD | AST | AC | | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Grúpa Feidhme I | Grúpa Feidhme II | FG III | FG IV | |
| An Pharlaimint | 3 | 85 | 656 | 10 | 23 | 0 | **777** |
| An Chomhairle | 0 | 68 | 0 | 0 | 0 | 0 | **68** |
| An Coimisiún | 1 | 112 | 12 | 14 | 30 | 0 | **169** |
| *- ina measc JRC:* | *0* | *14* | *9* | *0* | *1* | *0* | ***24*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 3 | 17 | 0 | 0 | 0 | **20** |
| CESE | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| CnaR | 0 | 3 | 0 | 0 | 1 | 0 | **4** |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| SEGS | 0 | 39 | 0 | 0 | 0 | 0 | **39** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **4** | **313** | **685** | **24** | **54** | **0** | **1 080** |

Déantar foráil maidir le ceithre ráta dhifriúla den liúntas míosúil le haghaidh obair atá déanta in (figiúirí ó 2024):

– ráta 1: seirbhís a oibríonn ar bhonn dhá sheal, gan an deireadh seachtaine agus laethanta saoire poiblí a chur san áireamh: EUR 518,88;
– ráta 2: seirbhís a oibríonn ar bhonn dhá sheal, lena n-áirítear seal oíche amháin, agus ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire poiblí: EUR 783,15;
– ráta 3: seirbhís a oibríonn 24 uair an chloig in aghaidh an lae, seachas ag an deireadh seachtaine agus ar lá saoire: EUR 856,30;
– ráta 4: seirbhís a oibríonn 24 uair an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine: EUR 1 167,39.

### 4.5. An líon tairbhithe de réir ráta in 2024

| **Institiúid** | **Ráta 1** | **Ráta 2** | **Ráta 3** | **Ráta 4** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|
| | EUR 518,88 | EUR 783,15 | EUR 856,30 | EUR 1 167,39 | |
| An Pharlaimint | 66 | 417 | 0 | 294 | **777** |
| An Chomhairle | 26 | 0 | 0 | 42 | **68** |
| An Coimisiún | 21 | 0 | 8 | 140 | **169** |
| *- ina measc JRC:* | *0* | *0* | *8* | *16* | ***24*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 0 | 0 | 20 | **20** |
| CESE | 3 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| CnaR | 4 | 0 | 0 | 0 | **4** |
| SEGS | 28 | 0 | 0 | 11 | **39** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **148** | **417** | **8** | **507** | **1 080** |

### 4.6. An líon tairbhithe de réir chineál na fostaíochta in 2024

| **Institiúid** | **JRC** | **Géarchéim/éigeandáil Comhordú** | **TFC** | **Sábháilteacht/ Slándáil** | **Lasc-chlár/Deasc fáiltithe** | **CBES/ CBSC** | **Suiteálacha teicniúla** | **Gníomhaíocht indíreach** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 0 | 713 | 30 | 0 | 34 | 0 | **777** |
| An Chomhairle | 0 | 0 | 0 | 68 | 0 | 0 | 0 | 0 | **68** |
| An Coimisiún | 24 | 25 | 15 | 105 | 0 | 0 | 0 | 0 | **169** |
| *- ina measc* | *24* | *0* | *0* | *0* | *0* | *0* | *0* | *0* | ***24*** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *JRC:* | | | | | | | | | |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 0 | 0 | 20 | 0 | 0 | 0 | 0 | **20** |
| CESE | 0 | 0 | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| CnaR | 0 | 0 | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | **4** |
| SEGS | 0 | 0 | 15 | 13 | 0 | 11 | 0 | 0 | **39** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **24** | **25** | **30** | **926** | **30** | **11** | **34** | **0** | **1 080** |

## 5. SEIRBHÍSÍ LENA MBAINEANN AGUS CÚISEANNA

In 2023 agus 2024 araon, is iad Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún, an Chúirt Bhreithiúnais, an Chúirt Iniúchóirí, an dá Choiste agus SEGS a bhain úsáid as na socruithe don dualgas fuireachais agus/nó don sealobair agus a d'íoc na liúntais dá bhforáiltear sa reachtaíocht.

Is é an Coimisiún an t-aon institiúid fós a d'íoc liúntais le haghaidh dálaí oibre an-dian. Íocadh na liúntais sin le tairbhithe a oibríonn ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde, ag an Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil (OIB) agus in Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh (AS ENER).

### 5.1. Na cúiseanna atá leis an dualgas fuireachais a úsáid

***An Chomhairle:*** D'íoc an Chomhairle liúntais le haghaidh dualgas fuireachais le 153 bhall foirne in **2023** (i gcomparáid le 149 in 2022). Dá bhrí sin, d'fhan an líon tairbhithe réasúnta cobhsaí i gcomparáid le 2022. In **2024**, íocadh liúntas le haghaidh dualgas fuireachais le 167 mball foirne. Tháinig an méadú idir 2023 agus 2024 mar gheall ar thacaíocht TFC agus gníomhaíochtaí láimhseála teagmhas a chur ar bhonn foirmiúil lasmuigh d'uaireanta gnó, agus mar gheall ar staid atá ann cheana laistigh de sheirbhís CBES/CBSC nach raibh aitheanta go foirmiúil a thabhairt chun rialtachta.

Is chun na réimsí seo a leanas a chumhdach atá an tseirbhís fuireachais i bhfeidhm:

(i) TFC: cosaint agus oibriú cuí na líonraí TF agus cumarsáide a ráthú; tacú le haon ghníomhaíocht nach mbeidh coinne léi a dhéanfaidh an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle agus a gcomhlachtaí ullmhúcháin; agus freastal ar aon riachtanas

práinneach atá ag an gComhairle Eorpach, ag an gComhairle agus ag an Ardrúnaíocht agus faisnéis rúnaicmithe an Aontais á láimhseáil acu;

(ii) sábháilteacht agus slándáil: aon chineál teagmhais a fhreagairt gan mhoill a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fhoireann na Comhairle Eorpaí nó na Comhairle nó d'obair na hArdrúnaíochta, chomh maith le tacaíocht 24/7 a chur ar fáil d'oifigigh slándála ar mhisin;

(iii) CBES/CBSC: dréachtú, foilsiú ar an idirlíon agus scaipeadh láithreach ráiteas práinneach ón mBallstát atá i mbun Uachtaránacht rothlach na Comhairle agus Uachtarán na Comhairle Eorpaí a chumasú, agus tacaíocht (lóistíochta) a thabhairt d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus an Ard-Rúnaí faoi ghníomhaíochtaí polasaí seachtracha;

(iv) suiteálacha teicniúla: chun a áirithiú gur féidir leis na daoine sna foirgnimh a bheith ag obair i dtimpeallacht shábháilte, thaitneamhach agus chompordach agus go ndéantar na seomraí agus an trealamh teicniúil is gá a chothabháil i gceart.

In 2023 agus in 2024 araon, is sa bhaile amháin a cuireadh an dualgas fuireachais i gcrích.

***An Coimisiún:*** In **2023**, d'íoc an Coimisiún liúntais le haghaidh dualgas fuireachais le 527 mball foirne, figiúr a bhí mórán mar a chéile le 528 in 2022.

D'oibrigh thart ar 30 % de na tairbhithe (156) i gceann de shuíomhanna Chomhpháirteacha Taighde an Choimisiúin. I bhformhór na gcásanna, is sa bhaile a cuireadh an dualgas fuireachais i gcrích ag an JRC, seachas an JRC in Ispra, áit ar bhraith sé ar shainiúlacht na gcúraimí cé acu san áit oibre nó sa bhaile a rinneadh é. I gcás ina ndearnadh dualgas fuireachais san áit oibre agus sa bhaile araon in 2023, rinneadh thart ar 21 % de na huaireanta iomlána san áit oibre. Is é AS ENER an Ard-Stiúrthóireacht eile ina ndearnadh dualgas fuireachais ag an áit oibre agus sa bhaile araon. As an dualgas fuireachais a rinne na 13 thairbhí faoi shocruithe measctha in AS ENER, rinneadh thart ar 10 % de san áit oibre. Ba é AS OLAF an t-aon Ard-Stiúrthóireacht amháin inar chomhlíon an dá thairbhí dualgas fuireachais san áit oibre amháin. Rinneadh na seirbhísí dualgais fuireachais eile ag an gCoimisiún sa bhaile.

Tugadh isteach seirbhís dualgais fuireachais nua in AS HR chun córas feidhmiúil rialaithe rochtana a sholáthar agus a choinneáil ar bun ar áitribh an Choimisiúin, arbh é sin an phríomhchúis leis an méadú beag 4 ar an líon tairbhithe.

I gcás gach Ard-Stiúrthóireachta eile a bhfuil seirbhísí dualgais fuireachais acu, is beag athrú a bhí ann i gcomparáid le 2022.

In **2024,** d'íoc an Coimisiún liúntais le haghaidh dualgas fuireachais le 562 bhall foirne. Tharla an méadú sin i gcomparáid le 2023 go príomha mar gheall ar mhéadú ar an líon tairbhithe sna ASanna seo a leanas:

- AS HR, i réimse na sábháilteachta agus na slándála (+ 13), go príomha mar gheall ar sheirbhís nua a chruthú chun tacaíocht riaracháin a chur ar fáil d'oifigigh gharchosanta.

- AS DIGIT, i réimse TFC (+ 11), inar athosclaíodh seirbhís dualgais fuireachais scortha agus inar sannadh tairbhithe breise do sheirbhísí a bhí ann cheana chun laghdú a dhéanamh ar a mhinice ba ghá do gach tairbhí a bheith ar dualgas.

- AS TAXUD, i réimse TFC (+ 7), inar sannadh tairbhithe breise chun laghdú a dhéanamh ar a mhinice a ceanglaíodh ar gach tairbhí a bheith ar dualgas.

D'oibrigh thart ar 28 % de na tairbhithe (159) ag ceann de shuíomhanna JRC an Choimisiúin. Mar a tharla in 2023, i bhformhór na gcásanna, is sa bhaile a cuireadh an dualgas fuireachais i gcrích ag an JRC, seachas an JRC in Ispra, áit ar bhraith sé ar shainiúlacht na gcúraimí cé acu san áit oibre nó sa bhaile a rinneadh é. Sna cásanna ina ndearnadh dualgas fuireachais san áit oibre agus sa bhaile araon in 2024, rinneadh thart ar 21 % d'iomlán na n-uaireanta dualgais fuireachais san áit oibre. Is é AS ENER an Ard-Stiúrthóireacht eile ina ndearnadh dualgas fuireachais ag an áit oibre agus sa bhaile araon. As an dualgas fuireachais a rinne na 14 thairbhí faoi shocruithe measctha in AS ENER, rinneadh thart ar 10 % de san áit oibre. Ba é AS OLAF an t-aon Ard-Stiúrthóireacht amháin inar chomhlíon an dá thairbhí dualgas fuireachais san áit oibre amháin. Rinneadh na seirbhísí dualgais fuireachais eile ag an gCoimisiún sa bhaile.

I gcás gach Ard-Stiúrthóireacht eile a bhfuil seirbhísí dualgais fuireachais acu, is beag athrú a bhí ann i gcomparáid le 2023.

***An Chúirt Bhreithiúnais:*** In **2023,** d'íoc an Chúirt Bhreithiúnais liúntais le haghaidh dualgas fuireachais maidir le seirbhísí a rinneadh sa bhaile le 28 mball foirne dá cuid (i gcomparáid le 35 in 2022). Tháinig laghdú ar an líon tairbhithe i gcomparáid le 2022, ós rud é nach raibh gá leis an dualgas fuireachais TFC a tugadh isteach in 2022 ach amháin go luath in 2022. Bhain na seirbhísí dualgais fuireachais eile le suiteálacha teicniúla agus le sábháilteacht agus slándáil, agus ba bhaill foirne a bhí freagrach as tionscadail athchóirithe na Cúirte agus as foirgnimh agus slándáil a bhainistiú na tairbhíthe.

In **2024,** d'íoc an Chúirt Bhreithiúnais liúntais le haghaidh dualgas fuireachais maidir le seirbhísí a rinneadh sa bhaile le 29 mball foirne dá cuid. Dá bhrí sin, d'fhan an líon tairbhithe réasúnta cobhsaí i gcomparáid le 2023.

***An Chúirt Iniúchóirí:*** In **2023** agus **2024**, áiríodh sa tseirbhís Slándála agus Sábháilteachta dualgas fuireachais atá le comhlíonadh ón mbaile ag 21 bhall foirne (i gcomparáid le 20 in 2022). D'áirithigh na baill foirne sin sábháilteacht na bhfoirgneamh agus na ndaoine a bhí iontu gan stad ó cheann ceann na bliana.

***CESE-CnaR:*** Tá seirbhís chomhpháirteach fuireachais á feidhmiú ag CESE agus ag CnaR laistigh den tseirbhís slándála chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar an bhfoireann slándála agus go mbeidh siad réidh le freagairt an t-am ar fad i gcás teagmhais a bhfuil gníomhaíocht ag teastáil dá mbarr nuair a bhíonn na Coistí dúnta. In **2023** agus **2024,** rinne triúr ball foirne de chuid CESE dualgas fuireachais (an líon céanna a bhí ann in 2022), agus bhí dualgas malartach orthu san áit oibre agus sa bhaile. Rinne ceathrar ball foirne de chuid CnaR (an líon céanna a bhí ann in 2022) dualgas fuireachais sa bhaile agus san áit oibre, agus ní raibh ach 2 % den dualgas sin á chomhlíonadh san áit oibre agus an chuid eile sa bhaile.

***SEGS***: In **2023**, d'íoc SEGS liúntais le haghaidh dualgas fuireachais le 29 mball foirne (i gcomparáid le 20 in 2022). In **2024,** tháinig méadú ar an bhfigiúr go 40. Ba iad ba chúis go príomha leis na méaduithe bliain ar bhliain a taifeadadh in 2023 agus 2024 seirbhís dualgais fuireachais bhreise le haghaidh TFC a tugadh isteach in 2023 agus an gá a bhí le laghdú a dhéanamh ar a mhinice a ceanglaíodh ar gach tairbhí a bheith ar dualgas i réimse CBES/CBSC.

Cumhdaíonn na seirbhísí fuireachais in SEGS trí réimse oibre:

(i) seirbhísí slándála, chun cosaint de lá agus d'oíche a sholáthar d'fhoireann SEGS, do chuairteoirí, d'áitribh agus do réadmhaoin sa Bhruiséil agus chun faisnéis rúnaicmithe a chosaint ag an gceanncheathrú;

(ii) tacaíocht do CBES/CBSC, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar imeachtaí ar fud an domhain 24/7; freagairt géarchéimeanna, do theagmhais, d'imeachtaí criticiúla, do chásanna sonracha nó d'éigeandálaí; tacaíocht a chur ar fáil don Ardionadaí agus do ghníomhaithe eile de chuid an Aontais; cruinnithe géarchéime SEGS a thionóltar lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre a éascú; agus tacaíocht a thabhairt d'Acmhainní Daonna agus don Ardrúnaí ina gcúraimí oibríochtúla arb é is aidhm dóibh slándáil agus leasanna bunriachtanacha an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát a chosaint i gcás bagairt ar chóras Galileo nó i gcás bagairt a eascraíonn as;

(iii) an tseirbhís TFC trí COMCEN (an Lárionad Cumarsáide) a dhéanann faisnéis rúnaicmithe a tharchur chuig baill foirne SEGS, agus a sholáthraíonn seirbhísí d'Ardrúnaíocht na Comhairle maidir le bainistiú oibríochtúil mhol Lárchóras Cortesy agus Pointe Láithreachta Cortesy, agus tríd an gclárlann Lárnach FRAE lena gcinntítear clárú doiciméid rúnaicmithe mar C-UE/EU-C agus S-UE/EU-s.

### 5.2. Na cúiseanna atá leis an liúntas le haghaidh dálaí oibre an-dian a úsáid

***An Coimisiún:*** Faoi mar a tharla in 2022, is é an Coimisiún an t-aon institiúid amháin a d'úsáid an liúntas sin in 2023 2024. Íocadh liúntais leis na baill foirne atá ag obair san earnáil Deartha Amhairc agus Priontála na hOifige um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil (OIB), agus le foireann AS ENER a dhéanann cigireachtaí ar shuiteálacha ag suíomhanna núicléacha, agus le foireann JRC.

Fuair 176 thairbhí ar an iomlán an liúntas in **2023** agus in **2024** araon (i gcomparáid le 164 in 2022). Tháinig an méadú in 2023 i gcomparáid le 2022 go príomha mar gheall ar 7 dtairbhí breise in OIB. In OIB, leathnaíodh an obair ar dhearadh amhairc agus ar phriontáil tar éis ghéarchéim sláinte COVID-19, nuair a tháinig méadú ar an méid priontála i bhformáid mhór agus ar úsáid níos mó trealaimh priontála. Mar thoradh air sin, bhí níos mó baill foirne ag obair i dtimpeallacht ina raibh leibhéil arda torainn. Ina theannta sin, cruthaíodh foireann nua atá freagrach as ábhair amhairc a shuiteáil, a úsáideann táirgí ceimiceacha go laethúil chun dromchlaí a bhfuil ábhair nó íomhánna greamaithe díobh a ghlanadh.

In **2023**, rinneadh líon iomlán uaireanta an chloig a oibríodh faoi dhálaí an-dian a chur i gcatagóirí mar a leanas:

- 39 781,00 uair an chloig (32 752,00 in 2022) a bhain le sábháilteacht an duine;
- 107 785,18 uair an chloig (61 073,75 in 2022) a bhain leis an áit oibre;
- 7 405,17 uair an chloig (5 522,13 in 2022) a bhain leis an gcineál oibre;
- 0 uair an chloig (mar a bhí in 2022) a bhain le sábháilteacht an duine agus leis an áit oibre araon.

Tháinig méadú ar an líon uaireanta in 2023 i gcomparáid le 2022 go príomha toisc gur fhill gníomhaíochtaí saotharlainne JRC ar na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim agus gur tháinig méadú ar an líon tairbhithe in OIB. Ina theannta sin, faigheann roinnt tairbhithe JRC leithdháileadh uaireanta an chloig ar ráta comhréidh agus, dá réir sin, liúntas comhfhreagrach ar ráta comhréidh. Rinneadh faireachán ar chruinneas na n-uaireanta ar ráta comhréidh ó lár 2022 go dtí deireadh na bliana sin. B'éigean coigeartú cúlghabhálach ar an ráta comhréidh, le héifeacht ó 2022, a thaifeadadh agus a áireamh in 2023 chun a áirithiú go bhfaigheadh na tairbhithe ábhartha an íocaíocht chomhfhreagrach.

In **2024**, rinneadh líon iomlán uaireanta an chloig a oibríodh faoi dhálaí an-dian a chur i gcatagóirí mar a leanas:

- 33 270,00 uair an chloig a bhain le sábháilteacht an duine;
- 94 721,46 uair an chloig a bhain leis an áit oibre;
- 10 468,60 uair an chloig a bhain leis an gcineál oibre;
- 0 uair an chloig a bhain le sábháilteacht an duine agus leis an áit oibre araon.

Tharla an laghdú ar an líon uaireanta i gcomparáid le 2023 go príomha mar gheall ar fhaireachán ar uaireanta an chloig ar ráta comhréidh a rinneadh ag JRC in 2022, rud a d'fhág gur tháinig méadú cúlghabhálach ar uaireanta ar ráta comhréidh i gcás roinnt tairbhithe. Cé gur áiríodh agus gur íocadh formhór na gcoigeartuithe in 2023, taifeadadh agus íocadh roinnt coigeartuithe a bhí fágtha in 2024.

### 5.3. Na cúiseanna atá leis an tsealobair a úsáid

***Parlaimint na hEorpa:*** In 2023 agus 2024, d'íoc Parlaimint na hEorpa liúntais sealoibre chun an méid seo a leanas a chumhdach:

(i) seirbhísí sábháilteachta agus slándála ag na trí ionad oibre: sa Bhruiséil, in Strasbourg agus i Lucsamburg;

(ii) seirbhísí a bhain le fáiltiú do chuairteoirí, slándáil agus rialú rochtana (an Parlamentarium, Áras Stair na hEorpa agus Teach Jean Monnet, an Lárionad Spóirt) agus seirbhísí cumarsáide a soláthraíodh tríd an lasc-chlár, a thairgeann seirbhísí éagsúla i roinnt teangacha, lena n-áirítear glaonna isteach agus amach a aistriú, sonraí teagmhála a sholáthar (uimhreacha teileafóin agus facs, seoltaí ríomhphoist agus oifige), agus faisnéis maidir le cruinnithe agus foirgnimh Pharlaimint na hEorpa;

(iii) seirbhísí suiteála teicniúla a dhéanann maoirseacht agus comhordú ar sholáthraithe seirbhíse cothabhála seachtracha, go háirithe lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre agus páirt a ghlacadh i gcothabháil cineálacha áirithe faisnéise íogaire, cuir i gcás pleananna na Parlaiminte.

Is éard atá sna socruithe:

(i) seirbhísí dhá sheal (ráta 1),

(ii) seirbhísí dhá sheal lena n-áirítear seal oíche amháin, deireadh seachtaine agus laethanta saoire poiblí (ráta 2), agus

(iii) seirbhísí leanúnacha 24 uair an chloig (ráta 4).

Tháinig méadú beag ar an líon tairbhithe in **2023**, go 723 ó 709 in 2022, rud a léiríonn gnáthláimhdeachas foirne ar fud na seirbhísí éagsúla.

In **2024,** tháinig méadú ar an líon tairbhithe go 777. An bhliain sin, thóg Parlaimint na hEorpa pointe rochtana nua ar fhoirgneamh Weiss in Strasbourg agus d'oscail sí foirgneamh nua Veil le pointe rochtana ar leithligh. Dá réir sin, tháinig méadú ar an líon post slándála, rud a d'fhág gur tháinig méadú ar an líon tairbhithe.

***An Chomhairle:*** Tá socruithe sealoibre i bhfeidhm ag an gComhairle chun leanúnachas na seirbhísí atá freagrach as sábháilteacht agus slándáil foirgneamh agus daoine a áirithiú. D'fhan an líon tairbhithe réasúnta cobhsaí in **2023** i gcomparáid le 2022 (73 i gcomparáid le 75). In **2024,** thit an figiúr go 68 tar éis atheagrú na bhfoirne bainistíochta rochtana an bhliain sin.

***An Coimisiún:*** Ba iad AS HR (roinn sábháilteachta agus slándála), AS ECHO (tacaíocht do chomhordú éigeandála agus géarchéime) agus JRC (mar gheall ar chineál a ghníomhaíochtaí) príomhúsáideoirí na seirbhísí sealoibre laistigh den Choimisiún. Ba é 97, 26 agus 25 faoi seach an líon tairbhithe in 2023 agus ba é 98, 25 agus 24 faoi seach an líon tairbhithe in 2024.

I gcomparáid le 2022 (178 dtairbhí), tháinig laghdú 7 ar an líon sin in **2023**, go príomha mar gheall ar laghdú ar AS HR (-6) tar éis iomlaoide foirne. In **2024,** d'fhan an líon réasúnta cobhsaí i gcomparáid le 2023.

Mar a bhí i gceist le 2022, bhí sealobair ar bun in dhá Ard-Stiúrthóireacht eile freisin, sna réimsí seo a leanas in 2023 agus in 2024:

- slándáil agus cosc (OIL): 8 dtairbhí in **2023** agus 7 dtairbhí in **2024** (8 in 2022);
- TFC (AS COMM): 15 thairbhí in **2023** agus **2024** araon (12 in 2022).

Chuir an Coimisiún rátaí 1, 3 agus 4 i bhfeidhm. Úsáideadh Ráta 4 (seirbhís leanúnach) go príomha le haghaidh seirbhísí slándála, JRC, agus seirbhísí comhordúcháin éigeandála agus géarchéime.

***An Chúirt Iniúchóirí:*** Faoi mar a thuairiscigh an Chúirt Iniúchóirí in 2023, níor baineadh úsáid as an tsealobair ach sa Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta chun sábháilteacht na bhfoirgneamh agus na ndaoine a bhí iontu a áirithiú. Ba sheirbhís leanúnach 24 uair an chloig é (ráta 4) agus 19 bhfaighteoir a bhí i gceist in **2023** (i gcomparáid le 17 in 2022). In **2024,** bhí 20 tairbhí ann.

***CESE-CnaR***: Tá socruithe comhroinnte sealoibre ag CESE agus CnaR chun láithreacht sa tseirbhís slándála go leanúnach a choinneáil ar bun. In **2023** agus **2024** araon, d'íoc CESE liúntais le 3 thairbhí (ráta 1; an líon céanna agus a bhí ann in 2022), agus d'íoc CnaR liúntais le 4 thairbhí (ráta 1; an líon céanna agus a bhí in 2022).

***SEGS***: In **2023,** d'íoc SEGS liúntais sealoibre le 35 thairbhí (i gcomparáid le 37 in 2022) chun cosaint de lá agus d'oíche a sholáthar d'fhoireann SEGS, do chuairteoirí, d'áitribh agus do shócmhainní fisiciúla sa Bhruiséil; chun faireachán agus measúnú a dhéanamh agus aird a tharraingt ar imeachtaí nó cásanna atá tábhachtach ó thaobh na polaitíochta de ar bhonn 24/7; agus faisnéis rúnaicmithe a tharchur chuig foireann uile SEGS, lena n-áirítear foireann na dtoscaireachtaí, agus chuig Ardrúnaíocht na Comhairle.

In **2024**, íocadh liúntais sealoibre le 39 dtairbhí. Tháinig an méadú go príomha mar gheall ar iomlaoid foirne agus tréimhsí forluiteacha sannacháin.

Cuireadh rátaí 1 agus 4 araon i bhfeidhm ag EEAS.

## 6. CAITEACHAS BUISÉADACH DE RÉIR INSTITIÚIDE AGUS LIÚNTAIS (IN EUR)

### 6.1. Caiteachas buiséid in 2023

| Institiúid | Dualgas fuireachais | Dálaí oibre an-dian | Sealobair | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 7 192 716,20 | **7 192 716,20** |
| An Chomhairle | 455 515,00 | 0 | 695 275,00 | **1 150 790,00** |
| An Coimisiún | 1 953 469,22 | 605 493,47 | 1 961 719,91 | **4 520 682,60** |
| *- ina measc JRC:* | *714 505,23* | *564 930,04* | *262 541,78* | ***1 541 977,05*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 52 191,00 | 0 | 0 | **52 191,00** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An Chúirt Iniúchóirí | 33 020,56 | 0 | 224 707,15 | **257 727,71** |
| CESE | 8 714,01 | 0 | 20 344,76 | **29 058,77** |
| CnaR | 14 322,45 | 0 | 23 584,32 | **37 906,77** |
| SEGS | 105 154,18 | 0 | 242 763,76 | **347 917,94** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **2 622 386,42** | **605 493,47** | **10 361 111,10** | **13 588 990,99** |

Caitheadh EUR **13 588 990,99** ar na trí liúntas i ngach ceann de na hinstitiúidí Eorpacha in **2023** (i gcomparáid le EUR **12 186 871,94** in 2022).

Tháinig an méadú ar an gcaiteachas iomlán i gcomparáid le 2022 go príomha mar gheall ar an gcaiteachas méadaithe ar liúntais sealoibre, ag EUR 9 335 674,26 in 2022. Ar na cúiseanna leis an méadú tá íocaíocht liúntais sealoibre an Choimisiúin do 2022 in 2023 agus an méadú ar an líon tairbhithe i bParlaimint na hEorpa ó 709 go 723.

Tháinig méadú beag freisin ar an gcaiteachas ar liúntais le haghaidh dualgas fuireachais (EUR 2 394 459,54 in 2022). Áirítear leis na cúiseanna leis an méadú sin na méaduithe ar an líon ball foirne sa Choimisiún a chomhlíon dualgas fuireachais sa bhaile agus san áit oibre araon (ó 7 go 18) agus ar an líon ball foirne nár chomhlíon dualgas fuireachais ach san áit oibre agus sin amháin (ó 0 go 2).

Tháinig méadú freisin ar an gcaiteachas an Choimisiúin ar liúntais le haghaidh dálaí oibre an-dian (EUR 456 738,14 in 2022). Ar na cúiseanna leis an méadú sin tá athmheastóireacht ar liúntais ar ráta comhréidh ag JRC agus méadú ar an líon tairbhithe in OIB.

### 6.2. Caiteachas buiséid in 2024

| Institiúid | Dualgas fuireachais | Dálaí oibre an-dian | Sealobair | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 7 997 497,56 | **7 997 497,56** |
| An Chomhairle | 562 049,00 | 0 | 711 977,00 | **1 274 026,00** |
| An Coimisiún | 2 037 016,81 | 602 440,45 | 1 985 620,52 | **4 625 077,78** |
| *- ina measc JRC:* | *762 234,45* | *549 486,83* | *214 459,25* | ***1 526 180,53*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 95 362,00 | 0 | 0 | **95 362,00** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 36 862,87 | 0 | 231 729,97 | **268 592,84** |
| CESE | 8 512,15 | 0 | 18 311,76 | **26 823,91** |
| CnaR | 16 376,73 | 0 | 24 415,68 | **40 792,41** |
| SEGS | 119 435,00 | 0 | 264 211,87 | **383 646,87** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **2 875 614,56** | **602 440,45** | **11 233 764,36** | **14 711 819,37** |

Caitheadh EUR **14 711 819,37** ar na trí liúntas i ngach ceann de na hinstitiúidí Eorpacha in **2024**.

Tháinig an méadú ar an gcaiteachas iomlán i gcomparáid le 2023 go príomha mar gheall ar chaiteachas méadaithe ar liúntais sealoibre. Áirítear leis na cúiseanna leis an méadú an méadú ar an líon tairbhithe i bParlaimint na hEorpa (ó 723 go 777).

Tháinig méadú beag freisin ar an gcaiteachas ar liúntais le haghaidh dualgas fuireachais. Bhí sé sin inchurtha i leith méadú ar an líon tairbhithe ag an gComhairle, cruthú seirbhísí breise dualgais fuireachais ag an gCoimisiún, agus íocaíocht liúntas na Cúirte Breithiúnais in 2024 a bhaineann le 2023.

Ina theannta sin, tháinig laghdú beag ar an gcaiteachas ar liúntais le haghaidh dálaí oibre an-dian ag an gCoimisiún i gcomparáid le 2023, rud a léiríonn an líon níos ísle uaireanta an chloig a tuairiscíodh.